AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2024
COM(2024) 615 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Liotuáine

{SWD(2024) 600 final} - {SWD(2024) 615 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Liotuáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tháinig sé i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Is rud í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

---

1 IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

2 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

(2) Is é is aidhm do Rialachán REPowerEU[3], arna ghlacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar acmhainneachtaí stórála, ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Liotuáin caibidil nua REPowerEU lena plean lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030'[4], ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an Teachtaireacht an iomaíochas a bhunú ar naoi spreagadh a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad rochtain ar chaipiteal príobháideach, taighde agus nuálaíocht, oideachas agus scileanna, agus an margadh aonair na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, lean an Coimisiún den Teachtaireacht sin leis an Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair agus ar Iomaíochas[5]. Déantar cur síos sa tuarascáil ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha Mhargadh Aonair na hEorpa, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe[6], rud a chuir tús le timthriall 2024 an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024 d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tsuirbhé, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin/nár shainaithin sé inti go bhfuil an Liotuáin ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di [dó], nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Liotuáine 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh a ghlac an Chomhairle an 12 Aibreán 2024, chomh maith leis an togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a ghlac an Chomhairle an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Cuimsítear sa chreat Rialachán nua (AE) Uimh. 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE)

---

3 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj.

4 COM(2023) 168 final.

5 COM(2024) 77 final.

6 COM(2023) 901 final.

Uimh. 1466/97 ón gComhairle. Cuimsítear ann freisin leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme agus ar Threoir 2011/85/AE maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[7]. Leis an gcreat nua, tugtar tús áite d'inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach trí chomhdhlúthú fioscach de réir a chéile mar aon le hathchóirithe agus infheistíochtaí. Cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ba cheart do gach Ballstát plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta atá ag Ballstát, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóirithiúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 bliana nó 5 bliana, de réir fhad rialta an reachtais náisiúnta. Ba cheart go mbeidh an chonair ghlanchaiteachais[8] sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta i gcomhréir le riachtanais Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, lena n-áirítear na riachtanais maidir leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur nó a choinneáil ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse choigeartúcháin ar a dhéanaí, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéal stuama faoi bhun 60 % de OTI, agus easnamh an rialtais a thabhairt agus/nó a choinneáil faoi bhun luach tagartha de 3 % de OTI go meántéarmach. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith áirithe d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, féadtar suas le síneadh 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin. Chun críocha tacú le hullmhú na bpleananna sin, an [21 Meitheamh] 2024, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún treoir a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le hábhar na bpleananna agus na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a bheidh le cur isteach acu ina dhiaidh sin agus, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, cuirfidh sé treoir teicniúil chucu maidir leis na coigeartuithe fioscacha (conairí tagartha agus faisnéis theicniúil, i gcás inarb infheidhme). Ba cheart do na Ballstáit a bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontaíonn an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. Ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht a bparlaimintí náisiúnta a áirithiú, agus go ndéantar comhairliúchán le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha, páirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara náisiúnta eile, de réir mar is iomchuí.

(6) In 2024 tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar

---

7 Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj) agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

8 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj). Ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 14 Bealtaine 2021, chuir an Liotuáin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 28 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine[9], a leasaíodh an 9 Samhain 2023 de réir Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun na ranníocaíochta uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[10]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an Liotuáin. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 maidir leis an Liotuáin[11] an 19 Meitheamh 2024. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Liotuáine ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Liotuáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(9) Bunaithe ar shonraí atá fíoraithe ag Eurostat[12], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Liotuáine ó 0,6 % de OTI in 2022 go dtí 0,8 % de OTI in 2023, agus tháinig méadú ar bhfiachas rialtais ghinearálta ó 38,1 % de OTI ag deireadh 2022 go dtí 38,3 % ag deireadh 2023.

---

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine (10477/2021).

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 23 Samhain 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine a fhormheas (14637/2023).

11 SWD(2024) 615 final.

12 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2024.

(10) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle[13] go ndéanfadh an Liotuáin gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomhúil a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[14], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. Moladh don Liotuáin a bheidh réidh an caiteachas reatha a choigeartú bunaithe ar an staid atá ag athrú. Moladh don Liotuáin freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh i bhfianaise an tionscnaimh REPowerEU, trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais, i measc rudaí eile. In 2023, dar le meastacháin de chuid an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[15] forleathnaitheach, le 0,6 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe ard. In 2023, chuir an príomhchaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) rannchuidiú neodrach, a bheag nó a mhór, de -0,2 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costais níos airde chun cosaint shealadach a thairiscint do dhaoine atá easáitithe ón Úcráin (le 0,1 % de OTI). Bhí fás an phríomhchaiteachais reatha a mhaoinítear go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Bhí an rannchuidiú neodrach, a bheag nó a mhór, de phríomhchaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta mar thoradh ar costais níos ísle na mbearta tacaíochtaí (spriocdhírithe agus neamhdhírithe) do theaghlaigh agus gnólachtaí mar fhreagairt ar arduithe ar phraghsanna fuinnimh (le 0.9 pointe céatadáin de OTI). Bhí pá na hearnála poiblí, sochair shóisialta agus pinsin i measc na bpríomhthiománaithe taobh thiar den fhás sa phríomhchaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). In 2023, 1,2 % de OTI a bhí sa chaiteachas arna mhaoiniú le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, 3,5 % de OTI a bhí san infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta, ardú 0,9 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Chuir an Liotuáin maoiniú ar fáil le haghaidh infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Chuir an Liotuáin maoiniú poiblí ar fáil don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus don tslándáil fuinnimh, amhail suiteáil ceithre ionad stórála fuinnimh chun slándáil agus cobhsaíocht chóras leictreachais na Liotuáine a áirithiú, atá maoinithe go páirteach leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais.

(11) Meastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún go bhfásfaidh fíor-OTI le 2,0 % in 2024 agus le 2,9 % in 2025, agus go mbeidh boilsciú ICPT ar 1,9 % in 2024 agus ar 1,8 % in 2025.

---

13 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Liotuáine um Athchóiriú don bhliain 2022 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Liotuáine don bhliain 2022, IO C 334, 1.9.2022, lch. 120.

14 Bunaithe ar Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 10,5 % i dtéarmaí ainmniúla a bheidh i bhfás aschuir ionchasach meántéarmach na Liotuáine in 2023, luach a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas, bunaithe ar an meánráta fáis féideartha 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

15 Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an t-athrú bliantúil ar riocht foluiteach buiséadach an rialtais ghinearálta. Tá sé d'aidhm aige an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartas fioscach a mheasúnú, iad siúd a mhaoinítear go náisiúnta agus iad siúd atá maoinithe trí bhuiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomha glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim (gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais san áireamh.

(12) Meastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún gur 1,8 % de OTI a bheidh in easnamh an rialtais in 2024, agus táthar ag súil leis go méadóidh cóimheas fhiachas ginearálta an rialtais-OTI go dtí 38,9 % faoi dheireadh 2024. Léirítear leis an méadú san easnamh in 2024 méaduithe i gcaiteachas nach bhfuil meaitseáilte go hiomlán le hioncam atá ag dul i méid. Tá ardú ag teacht ar an gcaiteachas mar gheall ar innéacsú pinsean agus sochair shóisialta, méaduithe i bpá poiblí, aistrithe reatha arna n-íoc ag an rialtas agus caiteachas úis. Meastar go méadóidh pá poiblí ar luas ar an gcuma chéanna le pá na hearnála príobháidí chun iomaíochas na hearnála phoiblí mar fhostóir a chaomhnú. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach forleathnaitheach ag -1,6 % de OTI in 2024.

(13) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,8 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ("deontais") ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, i gcomparáid le 0,3 % de OTI in 2023, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Liotuáine. Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,5 % de OTI le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, i gcomparáid le 0,0 % de OTI in 2023, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún.

(14) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle[16] go gcoinneoidh an Liotuáin seasamh fioscach fónta in 2024. Agus a gcuid buiséad do 2023 á gcur i bhfeidhm agus a gcuid Dréachtphleananna Buiséadacha do 2024 á n-ullmhú, tugadh cuireadh do na Ballstáit é a chur san áireamh go gcuirfeadh an Coimisiún moladh faoi bhráid na Comhairle go n-osclófar nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnamh bunaithe ar na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh comhardú struchtúrach na Liotuáine ag -0,8 % de OTI in 2024, tar éis 0,1 % in 2023, agus, ar an gcaoi sin, go bhfanfaidh sé gar do chuspóir buiséadach meántéarmach (MTO) na tíre maidir le comhardú struchtúrach -1,0 % de OTI. Tá an méid sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(15) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Liotuáin gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Shonraigh an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Liotuáin a áirithiú go spriocdhírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar go raibh glanchostas buiséadach[17] na mbeart éigeandála tacaíochta fuinnimh ag 0,3 % de OTI in 2023, agus réamh-mheastar go mbeidh sé ag níos lú ná 0,1 % in 2024 agus 0,0 % in 2025. Go háirithe, beidh feidhm go fóill ag an gcúiteamh ar CBL a ríomhtar ar fhuinneamh teasa agus uisce te le haghaidh custaiméirí tí in 2024. Meastar go ndéanfar na bearta éigeandála tacaíochta fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe is

16 Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Liotuáine um Athchóiriú don bhliain 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Liotuáine don bhliain 2023, IO C 312, 1.9.2023, lch. 135.

17 Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

féidir in 2023 agus in 2024. Tá an méid sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(16) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Liotuáin infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú uirthi go 3,3 % de OTI in 2024, ó 3,5 % de OTI in 2023. Tá sé sin mar gheall ar infheistíocht an-ard sa bhonneagar in 2023, cosaint agus slándáil san áireamh. I gcomparáid leis sin, 2,8 % de OTI ar an meán a bhí san infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta sa tréimhse 2019-2022. Agus na tosca breise sin á gcur san áireamh, meastar go bhfuil an infheistíocht phoiblí in 2024 i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go méadóidh sé go 1,8 % de OTI in 2024 (ó 1,2 % de OTI in 2023).

(17) Bunaithe ar na bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an toimhde nach mbeidh athrú beartais ann, tuartar i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 2,2 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 an méadú atá ag teacht ar an gcaiteachas mar gheall ar innéacsú pinsean agus sochair shóisialta, agus cé go meastar go bhfanfaidh ioncam cobhsaí mar chéatadán de OTI, déanfar an méadú réamh-mheasta ar ioncam ó ranníocaíochtaí sóisialta agus cánachas indíreach a fhrithchothromú le hioncam atá ag dul in ísle ó chánacha ioncaim chorparáidigh mar gheall ar chéimniú amach na “ranníocaíochta dlúthpháirtíochta sealadaí” a ghearrtar ar na bainc faoi láthair, mar aon leis an laghdú réamh-mheasta ar ioncam úis ós rud é go bhfuil sé beartaithe ag an rialtas a chuid taiscí airgid sa bhanc ceannais a laghdú. Meastar go dtiocfaidh méadú go 41,6 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025, cóimheas atá ag dul in airde mar gheall ar an easnamh méadaitheach.

(18) Tháinig méadú ar ioncam cánach na Liotuáine mar sciar de OTI in 2023, ach tá sé fós go mór faoi mheán an Aontais. Leis sin, cuirtear teorainn leis an maoiniú atá ar fáil le haghaidh caiteachas poiblí ar chúram sláinte, ar chosaint shóisialta agus ar sheirbhísí poiblí ginearálta. In 2022, ba é 0,3 % an t-ioncam ó chánacha maoine, atá i measc na gcánacha is lú a dhéanann dochar don fhás, leibhéal atá thart ar seacht n-oiread níos ísle ná meán an Aontais. Bhailigh an Liotuáin níos lú ná leath de mheán an Aontais ó chánacha caipitil (mar sciar de OTI), tá cuid de na cánacha iompair is ísle san Aontas Eorpach aici agus tá sí ar cheann den bheagán Ballstát nach bhfuil cáin bhliantúil ar charranna acu. Tháinig méadú ar an gcaiteachas poiblí ar chosaint shóisialta in 2023, ach tá sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Leibhéil réasúnta íseal agus cumhdach teoranta sochar sóisialta atá ann, agus tá pinsin seanaoise ar na pinsin is ísle san Aontas i gcoibhneas le hioncam fostaíochta. Tá an caiteachas ar sheirbhísí poiblí ginearálta an-íseal, agus faigheann sé níos lú ná leath den chiste (mar chéatadán de OTI) a fhaightear san Aontas ar an meán. Mar thoradh ar acmhainní airgeadais neamhleora le haghaidh cúram sláinte, bíonn ardleibhéil riachtanas nach bhfuiltear ag freastal orthu maidir le cúram leighis, go háirithe i gcás grúpaí ísealioncaim, mar aon le costais arda as póca d’othair agus neamhábaltacht tuarastail iomaíocha a thairiscint do ghairmithe cúraim sláinte.

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta

tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na nithe sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Liotuáine tríd an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta a áirithiú san am céanna. Chun na gealltanais sa phlean a chomhlíonadh faoi Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Liotuáin leanúint d'athchóirithe agus infheistíochta a chur chun feidhme trí aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna atá ag teacht chun cinn, go háirithe an t-athchóiriú cánach. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(20) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar na cistí beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán 2021/1060, ceanglaítear ar an Liotuáin athbhreithniú a dhéanamh ar gach clár faoi Mhárta 2025, agus aghaidh á thabhairt, i measc nithe eile, ar na dúshláin arna n-aithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, 2024, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Tá an t-athbhreithniú sin ina bhunús le haghaidh leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas a áirítear i ngach clár. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Liotuáin maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, tá dúshláin ann go fóill, agus tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann idir an réigiún príomhchathartha agus an chuid eile den Liotuáin maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch, infheistíochtaí agus táscairí sóisialta. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. Tá na tosaíochtaí a chomhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Tá sé tábhachtach go leanfar le dul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha, agus béim á cur ar na contaetha sin atá ag titim chun deiridh. Tá sé fós tábhachtach caighdeán an oideachais (lena n-áirítear trí an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme), seirbhísí sóisialta agus seirbhísí leighis a fheabhsú, mar aon le rochtain ar na seirbhísí sin. D'fhéadfadh an Liotuáin úsáid a bhaint freisin as an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip chun tacú le claochlú na tionsclaíochta trí theicneolaíochta digiteacha ard-bhreisluacha agus nuálaíocht teicneolaíochta doimhne a fhorbairt agus a mhonarú, mar aon le teicneolaíochtaí agus bith-theicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, lena n-áirítear i réimse na cosanta agus na dé-úsáide.

(21) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile ón Aontas, tá roinnt dúshláin bhreise roimh an Liotuáin a bhaineann leis an gcóras sláinte agus an córas pinsean, iomaíochas, seirbhísí sóisialta agus bainistiú ar an gcomhshaol agus ar acmhainní.

(22) Tá raon na seirbhísí cúraim luaththástálacha diagnóiseacha agus príomhúla teoranta sa Liotuáin, agus tá easpa inniúlachtaí iomchuí i bhfoirne cúraim phríomhúil. Mar thoradh, tá leibhéil básmhaireachta inchoiscthe agus inchóireáilte sa Liotuáin fós ard. Tá tionchar ag laigí in idirghabhálacha um chosc, scagthástáil sláinte agus seachadadh cóireála ar an méid sin, mar aon le tosca riosca iompraíochta. Tá an caiteachas sláinte ar cheann de na leibhéil is ísle san Aontas (ní raibh ach 68,6 % de maoinithe go poiblí in 2021). Tá an Liotuáin ag tosú ag tabhairt isteach bearta reachtacha agus ag déanamh

infheistíochtaí chun cúram príomhúil agus coisctheach a neartú, ach níl na torthaí tagtha chun cinn go fóill.

(23) Cé go bhfuil méadú tagtha ar an sochar sóisialta agus ar an bpinsin seanaoise ar an meán le blianta beaga anuas, tá inacmhainneacht an chórais sochair chánach chun an bhochtaineacht (20,9 % i gcomparáid le AE 16,5 %) agus éagothroime ioncaim (cóimheas S80/S20 6,39 i gcomparáid le AE 4,74) a mhaolú sa Liotuáin fós neamhleordhóthanach. Tá laghdú tagtha ar leordhóthanacht na bpinsean seanaoise i gcomparáide leis an ioncam réamhscoir agus tá sé fós fíor-íseal. In 2022 (na sonraí is déanaí atá ar fáil) 65 % den mheán réamhscoir a bhí i meán-ioncam indiúscartha daoine scothaosta (65 bliain d'aois nó níos sine)[18], 15 pointe céatadáin faoi mheán an Aontais. Tá méadú ag teacht ar an dara bearna sin idir an ioncam réamhscoir agus iarscoir ó bhí 2014 ann. In 2022, bhí ráta athsholáthair comhiomlán na bpinsean seanaoise[19], lena dtomhaistear méid na bpinsean mar sciar den phá réamhscoir roimh cháin, ar an gceann is ísle san Aontas. Cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an meánphinsean a íoctar ó chiste árachais shóisialaigh an stáit (ó EUR 277 in 2017 go dtí EUR 539 in 2023), tá sé fós faoi bhun thairseach na bochtaineachta (EUR 564 in 2023). Tá méadú ag teacht ar an mbochtaineacht seanaoise de bharr acmhainneacht íseal foriomlán na bpinsean. In 2022, bhí ráta riosca na bochtaineachta do dhaoine scothaosta ar cheann de na rátaí is airde san Aontas (An Liotuáin 39,5 % i gcomparáid le AE 17,3 %). In ainneoin an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas, tá an bhochtaineacht fuinnimh ar cheann de na rátaí is airde san Aontas. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara chéime de chuid sheirbhísí an Choimisiúin, bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta[20].

(24) Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha ann sa Liotuáin, atá ag éirí níos measa de bharr forbairtí déimeagrafacha diúltacha. Tá bearna uirbeach-tuaithe sa riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i bhfad níos mó sa Liotuáin i gcomparáid le meán an Aontais (10.7 bpointe céatadáin i gcomparáid le 0.4 pointe céatadáin in 2022, arna ríomh mar an difríocht idir an sciar den daonra). I gcás bardas beaga agus iargúlta, tá sé ag éirí níos deacra rochtain a sholáthar ar chúram sláinte, oideachas, seirbhísí sóisialta, iompar, fuinneamh, soláthar uisce agus seirbhísí poiblí eile ar ardchaighdeán ar bhealach éifeachtúil, agus dlús a chur leis an bhforbairt eacnamaíoch. Tá easpa comhair idir na bardais, rud a chiallaíonn nach féidir leo a gcuid saineolais agus acmhainní a chomhtiomsú chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht soláthar seirbhísí poiblí a mhéadú agus a fheabhsú. Tá córas iompair phoiblí ilroinnte a ndearnadh forbairt éagothrom air, easpa nascachta agus idirmhódúlachta[21] inmheánaigh, pleanála turais agus seirbhísí bunúsacha eile do phaisinéirí ag cur bac ar rochtain ar phoist agus ar sheirbhísí poiblí, go háirithe i gceantair iargúlta agus tuaithe, rud a chuireann le héagothromaíochtaí réigiúnacha. Tá an córas iompair is lú forbartha agus is lú úsáide san Aontas ag an Liotuáin, ní dhéantar ach 5,3 % de thaisteal paisinéirí ar an iompar poiblí, lena n-áirítear 0,9 % ar an traein. Tá deis nach beag ag an Liotuáin comhordú a córais iompair poiblí a fheabhsú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal lárnach araon.

---

18 Ioncam indiúscartha airmheánach sa chatagóir aoise 55-64.

19 Is é an sainmhíniú ar an táscaire seo, an cóimheas idir meán-ollphinsean an duine aonair san aoisghrúpa 65-74 agus meán-olltuilleamh an duine san aoisghrúpa 50-59, gan sochair shóisialta eile san áireamh.

20 SWD(2024)132 final.

21 Is saintréith de chóras iompair é idirmhódúlacht ina n-úsáidtear dhá mhodh iompair ar a laghad ar bhealach comhtháite chun turas ó dhoras go doras a chríochnú.

(25) Tá fás teoranta táirgiúlachta ann sa Liotuáin, go páirteach mar gheall ar neamhréir scileanna. Cé go bhfuil ceann de na rátaí oideachais threasaigh is airde ag an tír, cuireann an easpa oibreoirí oilte bac an-mhór ar an infheistíocht fhadtéarmach le haghaidh 72 % de ghnólachtaí na Liotuáine, agus ní éiríonn ach le 47 % de chéimithe ollscoile post a aimsiú a thagann lena leibhéal oideachais. Tá rannpháirtíocht páirtithe sóisialta fós lag maidir le cláir staidéir a fhorbairt agus rialú cáilíochta a dhéanamh ar chúrsaí staidéir tríú leibhéal. Níor cuireadh an córas ardoideachais in oiriúint don laghdú atá ag teacht ar líon na mac léinn, agus cuirfear tuilleadh brú ar an gcóras nuair a thiocfaidh córas iontrála nua i bhfeidhm i mbliana. Cé go bhfuil roinnt tionscadail atheagrúcháin ollscoile beartaithe ag an Liotuáin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun éifeachtúlacht an líonra ardoideachais a mhéadú agus chun an córas ilroinnte staidéir a chumasc.

(26) Tá an Liotuáin taobh thiar de mheán an Aontais i ndáil le táscairí nuálaíochta éagsúla, amhail déine taighde agus nuálaíochta, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus infheistíocht phríobháideach sa taighde agus nuálaíocht. 0.53 % de OTI a bhí sa chaiteachas poiblí sa taighde agus nuálaíocht in 2022, an leibhéal is ísle ó bhí 2007 ann. De bharr rialacha casta, cuirtear srian ar rochtain ar bhearta poiblí tacaíochta taighde agus nuálaíochta sa saol acadúil agus do ghnólachtaí. Is beag méadú atá tagtha ar an infheistíocht phríobháideach sa taighde agus nuálaíocht le blianta beaga anuas, agus tá sé trí huaire níos ísle ná meán an Aontais. Is measa fós é an scéal mar gheall ar rochtain teoranta ar mhaoiniú, rud a chuireann bac ar fhás gnólachtaí nuálacha, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, mar thoradh ar a theoranta a bhíonn foinsí malartacha maoinithe.

(27) I gcomparáid le meán an Aontais, níl geilleagar na Liotuáine, agus go háirithe tionscal na Liotuáine, chomh héifeachtúil maidir le húsáid a bhaint as ábhair chun saibhreas a chruthú. Tá an táirgiúlacht acmhainne faoi mheán an Aontais go seasta ó bhí 2018 ann, agus tá lorg ábhair níos mó ann. Bhí ráta úsáide ábhair chiorclaigh na Liotuáine trí huaire faoi bhun meán an Aontais in 2022 (4,1 % i gcomparáid le 11,5 %) agus níl aon fheabhas tagtha ar an ráta sin ó bhí 2018 ann. Ciallaíonn sé sin nach n-athúsáidtear thart ar 96 % de gach ábhar sa Liotuáin, rud a thugann le fios go bhfuil deiseanna suntasacha ann na córais ilroinnte um shórtáil dramhaíola agus athchúrsála a fheabhsú agus úsáid ábhar tánaisteach le haghaidh cruthú luacha a chur chun cinn. Ina theannta sin, tógadh trí cheathrú d'achar dromchla stoc foirgneamh na Liotuáine roimh 1992, rud a chiallaíonn go mbíonn droch-éifeachtúlacht fuinnimh agus tomhaltas fuinnimh níos airde níos airde ann (chomh maith le bochtaineacht fuinnimh). Trí fheabhas a chur ar tháirgiúlacht acmhainní, is féidir an spleáchas ar mhargaí luaineacha amhábhar a laghdú, costais táirgthe a laghdú agus, dá bhrí sin, iomaíochas a fheabhsú trí ghnóthachain éifeachtúlachta, agus an tionchar diúltach ar an gcomhshaol a íoslaghdú. San am céanna, tá stádas caomhantais neamhfhabhrach ag dhá thrian de na gnáthóga a chosnaítear faoi reachtaíocht an Aontais, agus níl dea-stádas éiceolaíoch ag ach leath de na dobharlaigh dhromchla. Tá cailliúint shuntasach bithéagsúlachta i dtírdhreacha talmhaíochta tarlaithe sa Liotuáin. Léiriú ar an méid sin is ea an fíric go bhfuil laghdú de beagnach leath tagtha ar dhaonra na n-éan talún feirme idir 2000-2020. Thairis sin, tá earnáil na feirmeoireachta ar an astaíre is mó astaíochtaí gáis cheaptha teasa sa Liotuáin agus tá méadú tagtha ar a cuid astaíochtaí ó bhí 2005 ann. Ar an iomlán, measadh go raibh an bhearna infheistíochta comhshaoil cothrom le 2,2 % de OTI sa Liotuáin idir 2014-2020, i bhfad os cionn mheán an Aontais de 0,8 %. Dá bhrí sin, tá deiseanna ann go fóill cleachtais feirmeoireachta a ailíniú a thuilleadh le spriocanna comhshaoil.

(28) I bhfianaise na n-idirnasc dlúithe idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidithe choitinn le feidhmiú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadais, in 2024 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun an moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Liotuáine, cuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh agus an ceathrú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Liotuáin in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur ar fáil go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás i nglanchaiteachas[22] in 2025 go ráta atá comhsheasmhach leis an easnamh rialtais ghinearálta a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, agus an fiachas rialtais ghinearálta a choinneáil ar leibhéal stuama go meántéarmach. Maoiniú iomchuí a sholáthar le haghaidh cúraim sláinte, cosaint shóisialta agus seirbhísí poiblí ginearálta.

2. Aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna atá ag teacht chun cinn chun gur féidir leanúint den phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach, an chaibidil REPowerEU san áireamh, d'fhonn a chinntiú go mbeidh athchóirithe agus infheistíochta curtha chun cinn faoi Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus na deiseanna a chuireann an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas a chur san áireamh san am céanna.

3. Torthaí sláinte agus athléimneacht an chórais sláinte a fheabhsú trí fheabhas a chur ar an gcúram príomhúil agus an cúram coisctheach a leathnú. Leordhóthanacht na bpinsean seanaoise a mhéadú, agus inbhuanaitheacht an chórais pinsean á cothabháil. Aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha trí chomhar idir bardais a chur chun cinn i ndáil le rochtain ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú, iompar poiblí san áireamh.

4. Aghaidh a thabhairt ar neamhréir scileanna trí ábharthacht an oideachais tréasaigh sa mhargadh saothair a mhéadú. Infheistíocht phríobháideach sa taighde agus nuálaíocht a éascú. Feabhas a chur ar tháirgiúlacht acmhainní chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo geilleagar ciorclach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

[22] De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.